# TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ
# MODÚL 6 – CLUICHE RÓLIMEARTHA PHARLAIMINT NA hEORPA

Sa chluiche rólimeartha seo, glacann na daltaí an ról atá ag Feisire de Pharlaimint na hEorpa. Ar feadh uair an chloig nó dhó, is é do sheomra ranga Parlaimint na hEorpa agus pléann na daltaí conas a rachaidís i ngleic le topaicí reatha AE cosúil le téamh domhanda, rialacha tobac agus arm de chuid an Aontais.

Cabhróidh an cluiche rólimeartha seo leis na daltaí a scileanna daonlathais a fhorbairt. I measc na scileanna sin, tá tuairim chriticiúil a fhorbairt, scileanna díospóireachta agus foghlaim conas comhréiteach a dhéanamh.

Ar dtús, **oibríonn na daltaí i ngrúpaí beaga – coistí parlaiminteacha** – ar thogra reachtach ón gCoimisiún Eorpach. Úsáideann siad cluiche cláir le cártaí téamacha. Déanfaidh siad leasú ar an togra reachtach agus, ag an am céanna, caithfidh siad aird a thabhairt ar thuairimí éagsúla ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó dhreamanna eile. Tá 5 thopaic ar leibhéil éagsúla deacrachta ann.

Ansin, cuirtear tús le **díospóireacht iomlánach** sa rang áit ar féidir leis na grúpaí a leagan oiriúnaithe siúd den dlí a chur i láthair. Ina dhiaidh sin bíonn vóta ranga ann.

Ar deireadh, déantar **faisnéisiú agus meastóireacht** chríochnúil ar an gcluiche rólimeartha. Insítear cá raibh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an cleachtadh sa seomra ranga agus an rud a tharlaíonn sa Pharlaimint.

| MODHEOLAÍOCHT | FAD AMA | ÁBHAIR |
|---|---|---|
| Cluiche rólimeartha: oibriú i gcoistí parlaiminteacha | 25 nóiméad | - Clár cluiche do gach grúpa<br>- Bileog oibre do gach grúpa<br>- Paca cártaí téamacha do gach grúpa. Caithfear na cártaí a phriontáil ar thaobh amháin den leathanach agus iad a ghearradh amach.<br>- Togra reachtach téamach ón gCoimisiún Eorpach do gach grúpa. |
| Cluiche rólimeartha: díospóireacht iomlánach agus vóta | 10 nóiméad in aghaidh an téama | - Clár dubh/smeach-chairt + cailc/marcóir<br>- Bileog oibre líonta amach do gach grúpa |
| Faisnéisiú agus meastóireacht | Idir 15 nóiméad agus uair an chloig | - Ríomhaire + teilgeoir<br>- Cur i láthair ar mhodúl 6 |

*Séanadh*

*Ní thugann foirm ná inneachar an chleachtaidh seo léiriú iomlán agus ceart ar gach a dtarlaíonn le fírinne, ná ní léiríonn siad tuairimí iarbhír Pharlaimint na hEorpa, an Choimisiúin Eorpaigh, Chomhairle an Aontais Eorpaigh nó na ngrúpaí brústocaireachta. Sprioc oideachasúil amháin atá leis an gcleachtadh seo, agus is ar an mbonn sin amháin a roghnaíodh an t-ábhar.*

# CUSPÓIRÍ AGUS SCILEANNA

## DEARCADH

- Forbraíonn na daltaí meon criticiúil: tagann siad ar thuairim ar thopaicí reatha AE.

## EOLAS

- Tá na daltaí eolach ar phróiseas cinnteoireachta AE (leagan simplithe de) agus tuigeann siad é.
- Tuigeann na daltaí ról Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas sin.
- Is eol do na daltaí go bpléann Parlaimint na hEorpa le topaicí cinnte a mbíonn tionchar acu ar a saol laethúil.
- Tá breis eolais ag na daltaí ar na téamaí a phléitear.

## SCILEANNA

- I rith an chleachtaidh, forbraíonn na daltaí a scileanna daonlathais: foghlaimíonn siad conas tuairimí daoine eile a chur san áireamh, conas teacht ar a dtuairim féin, conas dul i gcomhairle le daoine agus conas teacht ar chomhréiteach.
- Foghlaimíonn na daltaí cén chaoi lena dtogra a chur i láthair agus conas labhairt os comhair grúpa.

# CÉIM AR CHÉIM


# 1. CLUICHE RÓLIMEARTHA: OIBRIÚ I gCOISTÍ PARLAIMINTEACHA

## SUÍOMH

Roinntear an rang i ngrúpaí ina bhfuil ceathrar nó cúigear daltaí. Tugtar téama do gach grúpa le bheith ag obair leis. Suíonn gach grúpa timpeall ar bhord leis na hábhair go léir. B'fhearr dá mbeadh na boird ullmhaithe ag an múinteoir roimh ré.

Tá togra reachtach téamach ón gCoimisiún Eorpach ag gach grúpa. Ar a mbord freisin tá bileog oibre (mar a chéile do gach téama), clár cluiche (mar a chéile do gach téama) agus na cártaí a bhaineann leis an téama. Cuirtear na cártaí téamacha ar an gclár cluiche, le droim na gcártaí in uachtar agus na coirnéil ar a bhfuil na huimhreacha nó na siombailí fillte suas.

Seo é an chuma atá ar théama atá leagtha amach i gceart:



*Nóta: léiríonn an íomhá gurb é 'Caitheamh Tobac' an téama. Is lú cártaí atá i bpaca an téama áirithe seo ná atá ag roinnt téamaí eile. Sin é an fáth nach bhfuil an chearnóg láir sa cholún ar chlé clúdaithe le cárta. I gcuid de na téamaí, tá cárta ann don chearnóg sin.*

## PRÓISEAS

Míníonn an múinteoir go hachomair do na daltaí go bhfuil siad ag glacadh ról Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus go ndéanfaidh siad, sa cháil sin, a ndlíthe féin a dhréachtú. Míníonn an múinteoir freisin go mbeidh orthu a ndlí a chur i láthair na ndaltaí eile sa rang agus go gcaithfidh an rang vóta air. Roghnaíonn an múinteoir na topaicí a n-oibreoidh na daltaí orthu sula míneoidh sé nó sí an cluiche.

Ina dhiaidh sin, míníonn an múinteoir go hachomair an clár cluiche, ar a léirítear leagan simplithe de phróiseas cinnteoireachta an Aontais: is é an Coimisiún Eorpach an institiúid a thionscnaíonn dlí, trí thograí reachtacha a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, téann na tograí reachtacha chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh – a chomhroinneann an chumhacht reachtach.

Oibríonn gach grúpa daltaí go neamhspleách ag leanúint na dtreoracha agus na dtréimhsí ama atá ar an mbileog oibre agus ar na cártaí: tosaíonn an grúpa le cárta uimhir 1. Iompaíonn dalta amháin sa ghrúpa an cárta agus léann sé nó sí os ard a bhfuil scríofa air. Ansin déanann an grúpa na tascanna atá luaite ar an gcárta. Ina dhiaidh sin bogann siad ar aghaidh go cárta 2, ansin go cártaí 3 agus 4. Glacann siad nótaí ar an mbileog oibre.

Tá tasc nó faisnéis bhreise luaite ar na cártaí – cuir i gcás tuairim ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ó ghrúpaí stocaireachta nó ó dhreamanna eile. Céim ar chéim, cruthóidh na daltaí a 'ndlí Eorpach' féin. Is é an tasc deiridh atá le déanamh ag na daltaí ná cur i láthair ar a ndlí féin a ullmhú do na daltaí eile sa rang.

## INNEACHAR

Is féidir teacht ar na tograí reachtacha agus na cártaí téamacha go léir sa doiciméad a ghabhann leis an ábhar cluiche don mhodúl seo. Tá cúig théama/thopaic ann don rólimirt seo. Na tograí reachtacha ón gCoimisiún Eorpach, na hoiriúnuithe a d'iarr Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an fhaisnéis a thug na páirtithe leasmhara, roghnaíodh iad go léir chun an oiread plé agus ab fhéidir idir na daltaí a spreagadh. Tá siad ficseanúil agus is feidhm oideachasúil amháin atá leo. Nuair a bheidh an cleachtadh críochnaithe, tá sé tábhachtach go míneoidh an múinteoir cén chaoi a ndéileáiltear ó cheart leis na topaicí.

Tá na 5 thopaic curtha in ord de réir leibhéal deacrachta, ó thopaicí éasca go topaicí casta:

1. Caitheamh tobac san Aontas
2. Arm de chuid an Aontais?
3. AE agus an téamh domhanda
4. Daonlathas na hEorpa
5. Dídeanaithe san Eoraip

## ROINNT LEIDEANNA

- Téigh ó ghrúpa go grúpa agus tabhair cúnamh dóibh má bhíonn sé ag teastáil uathu.
- B'fhearr dá mbeadh gach grúpa ag obair ar théama éagsúil. Ar an gcaoi sin, is féidir le gach grúpa dlí éagsúil a chur i láthair an ranga. D'fhéadfadh an múinteoir, áfach, gach grúpa a chur ag obair ar an téama céanna nó an téama céanna a thabhairt do dhá ghrúpa, etc.

# 2. CLUICHE RÓLIMEARTHA: DÍOSPÓIREACHT IOMLÁNACH AGUS VÓTA

## SUÍOMH

Fanann na grúpaí ina suí ina gcoiste téamach féin. Ag ceann an ranga, taispeántar an tábla seo a leanas ar chlár dubh nó ar smeach-chairt:

| TÉAMA | VÓTAÍ I BHFABHAR | VÓTAÍ I GCOINNE | STAONADH |
|---|---|---|---|
| e.g. caitheamh tobac | | | |
| e.g. dídeanaithe | | | |
| | | | |
| | | | |

Sa chéad cholún, scríobhann an múinteoir síos cad iad na téamaí atá le plé.

## PRÓISEAS

Bíonn suas le dhá nóiméad ag gach grúpa téamach chun a dtogra a chur i láthair. Úsáideann an grúpa an bhileog oibre atá líonta amach chun é sin a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, bíonn beagán ama ag na daltaí eile chun ceisteanna a chur. Díreach ina dhiaidh sin, cuireann an múinteoir tús leis an vótáil. Vótálann gach duine **trína lámh a chur in airde**. Tá cead ag na daltaí sa choiste téamach atá ag cur an togra i láthair vóta a chaitheamh freisin. Déanann an múinteoir na ráitis seo a leanas:

- 'Na daoine a aontaíonn leis an togra seo; cuirigí bhur lámh in airde.' Ansin breacann an múinteoir síos an líon vótaí sa cholún 'Vótaí i bhfabhar' a bhaineann leis an téama atá i gceist.
- 'Na daoine nach n-aontaíonn leis an togra seo; cuirigí bhur lámh in airde.' Ansin breacann an múinteoir síos an líon vótaí sa cholún 'Vótaí i gcoinne' a bhaineann leis an téama atá i gceist.
- 'Na daoine atá ag staonadh; cuirigí bhur lámh in airde.' Ansin breacann an múinteoir síos an líon vótaí sa cholún 'Staonadh' a bhaineann leis an téama atá i gceist.

Tar éis an vóta, insíonn an múinteoir don rang má vótáil an tromlach i bhfabhar an dlí nó má vótáil an tromlach ina choinne.

Bíonn tromlach ann nuair a vótálann leath na ndaltaí + 1 i bhfabhar nó i gcoinne an togra. Ní chomhairtear na daoine a staon. I gcás comhscóir, molann an múinteoir an vóta a chur ar fionraí. Má chuirtear an vóta ar fionraí, ní bheidh aon chinneadh déanta i dtaobh an togra.

Déantar an próiseas sin arís le haghaidh gach dlí.

## ROINNT LEIDEANNA

- Braitheann an méid ama atá ag teastáil don chleachtadh ar an líon grúpaí atá sa rang.
- Má choinnítear na grúpaí beag is mó an deis a bheidh ag gach aon dalta a bheith páirteach sa phlé. Smaoinigh ar na tréimhsí ama agus díograis na ndaltaí nuair a bheidh tú ag cinneadh cá mhéad grúpa a bheidh agat sa rang.

# 3. FAISNÉISIÚ AGUS MEASTÓIREACHT


## SUÍOMH

Ag úsáid an chur i láthair ón modúl seo, pléann an múinteoir na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an cleachtadh agus an rud a tharlaíonn dáiríre. Fanann na daltaí ina suí ina ngrúpaí beaga nó téann siad ar ais go dtí a ngnáthshuíocháin sa seomra ranga.

## PRÓISEAS

Ar dtús, fiafraíonn an múinteoir díobh faoina **dtaithí**: 'Conas a bhí sé ról Feisire Eorpach a ghlacadh?' B'fhéidir go ndéarfaidís go raibh sé deacair acu cinneadh a dhéanamh nuair a bhí aird le tabhairt ar an oiread sin tuairimí éagsúla nó b'fhéidir go ndéarfaidís gur thaitin sé leo an chumhacht a bheith acu cinntí a dhéanamh. Fiafraigh de na daltaí cé eile a bhraith an rud céanna nó a mhalairt: e.g. Cé eile a bhraith mar sin? Cé a shíl a mhalairt?

Tar éis na hintreorach sin, bogann an múinteoir ar aghaidh go dtí **an mheastóireacht ar an gcleachtadh**. Míníonn sé nó sí go bhfuil an cluiche rólimeartha sa rang éagsúil leis an rud a tharlaíonn ó cheart. Ní mar a chéile an fhormáid ná an t-inneachar. Ag an am céanna, ar ndóigh, tá cosúlachtaí áirithe ann. Is le huainchlár (féach an pictiúr) a thaispeántar na difríochtaí agus na cosúlachtaí sin sa chur i láthair.




An chéad cheist do na daltaí is ea: 'Cad iad na gnéithe den chleachtadh a cheapann sibh a bhí cosúil le chéile ó thaobh formáide nó inneachair de?' Ansin taispeánann agus míníonn an múinteoir na **cosúlachtaí**, ag úsáid an chur i láthair agus le hionchur ó na daltaí.

Is é an dara ceist ná: 'Cad a dhéantar ar bhealach eile sa Pharlaimint, dar libh?' Ansin pléann an múinteoir na **difríochtaí** is tábhachtaí, arís le hionchur na ndaltaí agus ag úsáid an chur i láthair.

Ina dhiaidh sin, pléann an múinteoir **staid na dtéamaí a pléadh sa rang mar atá siad i ndáiríre**. Tá sé sin iontach tábhachtach toisc go gcinntíonn sé go n-imíonn na daltaí ón rang agus tuiscint chruinn acu ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí ó cheart.

## INNEACHAR

**1. Cosúlachtaí agus difríochtaí leis an gcaoi a dtarlaíonn rudaí ó cheart**

| | COSÚLACHTAÍ | DIFRÍOCHTAÍ |
|---|---|---|
| **FOIRM** | **Coistí téamacha i bParlaimint na hEorpa**. Pléann Parlaimint na hEorpa le téamaí atá an-ilghnéitheach. Sin é an fáth nach ndéanann Feisirí Eorpacha speisialtóireacht ach i dtéama nó dhó. Tá tuairim is 20 coiste téamach seasta agus roinnt coistí téamacha ad hoc ag Parlaimint na hEorpa. Laistigh de na coistí seo, caithfidh na Feisirí eolas a chur ar an téama ar dtús, agus é a phlé, sula gcuireann siad i láthair an chuid eile de Pharlaimint na hEorpa é.<br><br>**Grúpaí sainleasa**. Is minic a iarrann grúpaí sainleasa ar Fheisirí Eorpacha ceist áirithe a réiteach.<br><br>**Vótáil trí chomhaireamh lámh**. I bParlaimint na hEorpa, is minic a dhéantar vótáil ar thograí trí thaispeáint lámh mar, de ghnáth, bíonn sé sin níos gasta. Uaireanta caitheann Feisirí Eorpacha vóta go leictreonach (= vóta aonair). Tarlaíonn sé sin nuair a bhíonn éagsúlacht mhór tuairimí sa Pharlaimint ar ábhar agus nach féidir toradh na vótála a dhéanamh amach le shracfhéachaint. Is féidir le grúpa polaitiúil vóta leictreonach a iarraidh (roimh ré), agus déantar an vóta deiridh ar thuarascáil go leictreonach den chuid is mó. Ar an gcaoi seo, is féidir le saoránaigh fios a bheith acu cé hiad na Feisirí Eorpacha a vótáil i bhfabhar/i gcoinne nó a staon ó vótáil.<br><br>**Vótáil trí thromlach**. I bParlaimint na hEorpa, is ionann tromlach vótála agus leath na vótaí a caitheadh + 1. | **Roinnt grúpaí polaitiúla**. Sa chleachtadh seo, níor bhain na daltaí le páirtí polaitiúil. San fhíorshaol, tá seacht ngrúpa pholaitiúla i bParlaimint na hEorpa. Sna suíonna iomlánacha, bíonn na Feisirí Eorpacha ina suí le chéile ina ngrúpaí polaitiúla féin, ó chlé go deas. Tá cathaoirleach ar gach grúpa.<br><br>**Cumhacht reachtach chomhroinnte**. D'fhéadfadh sé go gceapfaí ón gcleachtadh seo gur ag Parlaimint na hEorpa amháin atá an chumhacht reachtach san Aontas agus, dá réir sin, gurb í an Pharlaimint amháin a dhéanann na cinntí go léir. I ndáiríre, áfach, roinneann an Pharlaimint an chumhacht seo le Comhairle an Aontais Eorpaigh.<br><br>**Níos casta**<br>– Ní raibh ach líon beag daoine páirteach sa chleachtadh seo. I bParlaimint na hEorpa, bíonn suas le 751 FPE páirteach sa díospóireacht agus sa vótáil.<br>– Is in aon teanga amháin a rinneadh an cleachtadh sa rang. Sa Pharlaimint tá cead ag gach duine aon cheann de na 24 theanga oifigiúla a labhairt. Déantar gach rud a aistriú ansin go dtí na 24 theanga oifigiúla de chuid AE. |
| **INNEACHAR** | **Argóintí.** Tá na hargóintí a luadh le linn an chleachtaidh cosúil leo siúd a bhíonn i ndíospóireachtaí Eorpacha. | **Níos casta**<br>- Is minic leis na téamaí a bheith **níos teicniúla**. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an topaic le cé chomh mór agus atá na mogaill in eangacha iascaireachta. Bíonn taighde eolaíochta i gceist leis seo, dírithe ar an gcineál éisc is féidir a ghabháil le gach cineál eangaí, etc.<br>- Bíonn na tograí reachtacha a gcaitheann Parlaimint na hEorpa vóta orthu i bhfad **níos mionsonraithe**. Pléitear gach mionsonra agus, más gá, modhnaítear iad. |
| | Ar deireadh, tá mír amháin a bhaineann leis na cosúlachtaí agus na difríochtaí araon: **na téamaí féin**<br>- Is féidir a rá go bhfuil na téamaí comhchosúil mar gur téamaí iad go léir a bhfuil Parlaimint na hEorpa ag plé leo nó ar pléadh leo san am a chuaigh thart.<br>- Tá na téamaí éagsúil freisin mar, san fhíorshaol, bíonn difríochtaí sna tograí agus seasaimh a thagann ón gCoimisiún Eorpach, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh. | |

## 2. An cás mar atá faoi láthair maidir leis na téamaí

### 1. CAITHEAMH TOBAC SAN AONTAS

Chun daoine óga a stopadh ó thosú de bheith ag caitheamh, tá an tAontas Eorpach ag díriú isteach ar chosc (= a chinntiú nach dtosaíonn daoine ag caitheamh tobac) agus ar dhíspreagadh (= a chinntiú go mbeidh a laghad daoine is féidir ag caitheamh nó a chinntiú go n-éiríonn siad as).

Sin an chúis go ndeir rialacha Eorpach go gcaithfidh rabhadh sláinte comhcheangailte (pictiúr, téacs foláirimh agus faisnéis faoi sheirbhísí chun éirí as tobac) a bheith ar gach bosca toitíní a dhíoltar in AE agus é sin i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla na dtíortha ina ndíoltar iad. Ar an tslí sin, cuireann AE in iúl don cheannaitheoir cén chontúirt a bhaineann le bheith ag caitheamh tobac.

Tá srian curtha leis an bhfógraíocht a dhéantar ar thobac freisin: tá toirmeasc ar fheachtais chun caitheamh tobac a chur chun cinn.

I dteannta na rialacha socraithe maidir le díol agus fógraíocht táirgí tobac, molann AE freisin do thíortha an Aontais cosc a chur ar chaitheamh tobac i bhfoirgnimh rialtais agus freisin i spásanna poiblí agus eile. Ach i ndeireadh thiar, is iad na tíortha a chinneann dóibh féin an leanfaidh siad an moladh sin nó nach leanfaidh.

In 2014, d'fhormheas AE rialacha níos géire ar chaitheamh tobac. Tháinig siad i bhfeidhm in 2016:

- Tá toirmeasc anois ar thoitíní ina bhfuil blastáin shaintréitheacha, amhail meantól, a dhíol.
- Caithfidh na foláirimh ar bhoscaí toitíní 65% ar a laghad den bhosca a chlúdach, agus tá sraith de rabhaidh chomhcheangailte réamhshocraithe ann do gach tír.
- Tá teorainn ar an méid nicitín a cheadaítear i dtoitíní leictreonacha.

Sa chéad togra reachtach, moladh go mbeadh boscaí toitíní caighdeánaithe – 'neodracha' – ann ach ní raibh institiúidí AE in ann comhaontú ar an topaic seo. Chomh maith leis sin, níor coinníodh ach oiread an moladh go n-ardófaí an aois íosta chun tobac a cheannach go dtí 18 ar fud AE.

Is féidir le gach Ballstát, áfach, rialacha níos déine a chur chun feidhme: sa Fhrainc, mar shampla, tá pacáistiú caighdeánaithe éigeantach ó Eanáir 2017 agus tá an riail chéanna i bhfeidhm in Éirinn ó Dheireadh Fómhair 2018. Tá praghas an tobac éagsúil freisin ó thír go tír. Is sa Bhulgáir is féidir an bosca toitíní is saoire a cheannach, ar thart ar €2.60. Is in Éirinn atá na toitíní is daoire á ndíol, agus iad os cionn €10 an bosca.

Tá tuilleadh faisnéise ar an topaic seo le fáil ar https://ec.europa.eu/health/tobacco/overview_ga.

### 2. ARM DE CHUID AE?

In ainneoin pleananna le haghaidh Comhphobal Cosanta Eorpach in 1952, níl arm ag an Aontas Eorpach. Socraíonn gach Ballstát go huathrialaitheach a arm féin a bheith acu agus a úsáid.

Tá méadú mór tagtha ar an gcomhoibriú i ngnóthaí eachtracha agus sa bheartas cosanta, áfach, go háirithe leis an Straitéis Dhomhanda maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála, a lainseáladh in 2016. Doimhníonn Ballstáit an Aontais Eorpaigh a gcomhoibriú cosanta agus ailíníonn siad a gcaiteachas agus infheistíocht mhíleata le tionscnaimh cosúil leis an mBuanchomhar Struchtúrtha (PESCO).

Bíonn misin ad hoc ag an Aontas Eorpach freisin lasmuigh den Aontas. Baintear feidhm astu sin chun an tsíocháin a choimeád, chun coimhlint a sheachaint agus ar mhaithe le slándáil idirnáisiúnta. Déantar

saighdiúirí a imscaradh i gcomhair dhá chineál misean:

- Misin shibhialta (e.g. póilíní a chur faoi oiliúint)
- Oibríochtaí míleata (e.g. gníomhartha frithphíoráideachta)

Déanann an Chomhairle Eorpach cinneadh faoi gach misean ad hoc go leithleach. Tig le tíortha páirt a ghlacadh iontu go deonach. Tá tuairim is 34 oibríocht shibhialta agus mhíleata déanta ag AE cheana. Samplaí cáiliúla is ea an atógáil tar éis an tsunami in Atjeh (an Indinéis) agus ag comhrac in aghaidh foghlaithe mara i gCorn na hAfraice.

Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag na daltaí go dtarlaíonn idirghabhálacha AE de réir threoirlínte na **Náisiún Aontaithe** (NA) agus i ndlúthchomhar le **ECAT** (Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh).

**Naisc úsáideacha:**

- Tá tuilleadh eolais ar an topaic seo le fáil ar https://eeas.europa.eu/topics/security-defence-crisis-response_en agus www.europarl.europa.eu/factsheets/en/sheet/159/common-security-and-defence-policy
- Is féidir figiúirí faoi chaiteachas míleata domhanda agus an trádáil arm a fháil ar https://ec.europa.eu/knowledge4policy/foresight/topic/changing-security-paradigm/world-military-expenditure_en

## 3. AE AGUS TÉAMH DOMHANDA

Tá AE ag troid i gcoinne an athraithe aeráide trí bheartais chinnte. Tá spriocanna aeráide agus fuinnimh curtha i bhfeidhm aige do 2030, e.g. 32 % ar a laghad den fhuinneamh iomlán a bheith á ghiniúint ó fhuinneamh in-athnuaite agus 40 % de chiorrú in astaíochtaí gás ceaptha teasa. In 2020, lainseáil an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas don Eoraip, lena leagtar amach spriocanna níos uaillmhianaí fiú, e.g. an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach ar domhan faoi 2050.

Ós rud é go bhfuil iarmhairtí an téimh dhomhanda le brath cheana féin, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach chomh maith straitéis de chuid an Aontais chun dul in oiriúint don athrú aeráide.

Bhí ról tábhachtach ag an Aontas freisin sna caibidlíochtaí domhanda chun teacht ar chomhaontú atá ceangailteach ó thaobh an dlí de chun cur i gcoinne an téimh dhomhanda, Comhaontú Pháras, in 2015. Dhaingnigh AE Comhaontú Pháras i nDeireadh Fómhair 2016. Sa chomhaontú sin, gheall tíortha iarracht a dhéanamh an téamh domhanda a choinneáil faoi 2° Celsius, nó níos fearr fós, faoi 1.5° Celsius. Tá Comhaontú Pháras i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2016.

**Naisc úsáideacha:**

- Tá tuilleadh eolais ar an topaic seo le fáil ar https://ec.europa.eu/clima/policies/eu-climate-action_en agus www.europarl.europa.eu/factsheets/en/sheet/72/combating-climate-change.
- Tá físghrafaic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa de réir tíre agus earnála le fáil ar www.europarl.europa.eu/news/en/headlines/society/20180301STO98928/greenhouse-gas-emissions-by-country-and-sector-infographic.

## 4. DAONLATHAS NA hEORPA

Ó 1979 i leith, toghann saoránaigh Eorpacha Parlaimint na hEorpa nua gach cúig bliana. De réir rialacha comhchoiteanna an Aontais, tá na toghcháin le reáchtáil trí bhallóid rúnda agus trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (aon vóta amháin do gach duine fásta). Tá sé bunaithe ar ionadaíocht

chionmhar chomh maith. I dteannta na rialacha comhchoiteanna sin, tá na socruithe toghchánacha faoi rialú ag forálacha náisiúnta – ar féidir leo a bheith sách éagsúil lena chéile. Chomh maith leis sin, ní féidir le saoránaigh vóta a chaitheamh ach d'iarrthóirí a dtíre féin nó a dtoghlach réigiúnach féin. Is iad na Ballstáit féin a chinneann an bhfuil ceart chun vótála ag a saoránaigh ann nó an bhfuil vótáil éigeantach.

Is féidir leat tuilleadh eolais faoin gcóras toghchánaíochta a fháil ar www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/sheet/21/the-european-parliament-electoral-procedures.

Chun go mbeadh saoránaigh níos rannpháirtí i mbeartais Eorpacha agus chun AE a dhéanamh níos daonlathaí, tá roinnt tionscnaimh éagsúla ann:

- Ó 2012, tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ann: má dhéanann aon mhilliún saoránach Eorpach as seacht mBallstát éagsúla ar a laghad den Aontas tionscnamh a shíniú, is féidir leo a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach togra reachtach a tharraingt suas.
- Fógraíodh An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa in 2019: is fóram poiblí í an chomhdháil sin le haghaidh díospóireacht a dhéanamh le saoránaigh faoi thosaíochtaí agus dúshláin thábhachtacha de chuid an Aontais Eorpaigh. Bheadh sé ar siúl ar dtús ó 2020 go 2022.
- Is iomaí sin ionstraim rannpháirtíochta eile atá ann, mar shampla an tOmbudsman Eorpach, comhairliúcháin phoiblí (saineolaithe i réimse áirithe), an ceart achainí a dhéanamh agus idirphléití na saoránach.

## 5. DÍDEANAITHE IN AE

Tá a beartas tearmainn féin ag gach tír AE. Mar sin féin, socraíonn an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) **caighdeáin íosta chomhpháirteacha** faoi conas mar a chaitear le gach iarrthóir tearmainn agus le hiarratais ar a Bhallstáit uile AE (rialachán ar a dtugtar Rialachán Bhaile Átha Cliath freisin), lena n-áirítear:

- Tá an Ballstát ina dtagann an t-imirceach i dtír in AE den chéad uair freagrach as an iarrtas ar thearmann a scrúdú.
- Tá an ceart chun f**oscaidh, bia agus cúraim bhunúsaigh** ag gach iarrthóir tearmainn fad is atá a iarratas/a hiarratas tearmainn á measúnú. Sin é freagracht an Bhallstáit a dhéanann an t-iarratas a phróiseáil.
- Níl cead ag imircigh ach **iarratas a dhéanamh uair amháin** in AE. Má dhiúltaíonn aon Bhallstát amháin dá n-iarratas, ní féidir leis an duine sin iarratas ar thearmann a dhéanamh in aon Bhallstát eile AE . Chun é sin a sheiceáil déantar méarloirg gach iarrthóra tearmainn a chlárú i mbunachar sonraí Eorodac.

Mar fhreagairt ar theacht tobann neamhrialaithe imirceach in 2015, ghlac AE roinnt beart, lena n-áirítear socrú leis an Tuirc agus tríú tíortha eile chun imircigh a stopadh ó a bheith ag teacht go dtí an tAontas Eorpach. Ó shin i leith, tá laghdú tagtha ar an líon daoine nua atá ag teacht. Ach tá imeachtaí 2015 agus ina dhiaidh sin tar éis strus a chur ar chórais tearmainn a lán Ballstát agus ar Limistéar Schengen. Tá gá práinneach le hathchóiriú a dhéanamh ar an gComhchóras Tearmainn Eorpach. Is ceist dheacair é seo, áfach, mar go bhfuil tuairimí éagsúla ag na Ballstáit i dtaobh conas dul i ngleic leis seo.

**Naisc úsáideacha:**

- Breathnaigh anseo chun na figiúirí is déanaí a fháil ar an imirce ar fud an domhain: www.unhcr.org/figures-at-a-glance.html

- Is féidir leat teacht ar fhísghrafaic de chuid Pharlaimint na hEorpa le heolas faoin Aontas Eorpach agus an imirce ar www.europarl.europa.eu/thinktank/infographics/migration/public/index.html?page=intro
- Mínítear an Comhchóras Tearmainn Eorpach ar an leathanach seo https://ec.europa.eu/home-affairs/what-we-do/policies/asylum_en

# NAISC ÚSÁIDEACHA

- Mínítear san fhíseán seo (ó 2015), atá faoi bhun sé nóiméad, conas a fheidhmíonn Parlaimint na hEorpa: www.europarltv.europa.eu/programme/others/how-it-works-the-european-parliament. (is féidir leat an teanga a athrú sa chúinne ag an mbarr ar chlé den leathanach). Má tá do dhóthain ama agat tar éis an chleachtaidh is féidir leat an físeán seo a thaispeáint. Tar éis breathnú air is féidir leat na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an cleachtadh agus an fíorshaol a phlé leis na daltaí. Nóta: rinneadh an físeán seo in 2015, rud a chiallaíonn go bhfuil roinnt rudaí athraithe ó shin. Is míniú maith fós é, áfach, ar conas a fheidhmíonn Parlaimint na hEorpa.

- Is féidir leat tuilleadh eolais faoi fheidhmiú Pharlaimint na hEorpa a fháil ar www.europarl.europa.eu/about-parliament/en/organisation-and-rules/organisation.

- San fhíorshaol tá an gnáthnós imeachta reachtach níos casta, leis an gcéad, an dara agus uaireanta fiú an tríú 'léamh' ag Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat léiriú físe agus míniú críochnúil ar an bpróiseas a fháil anseo www.europarl.europa.eu/about-parliament/en/powers-and-procedures/legislative-powers.